An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

LEABHRÁN COMÓRTAIS D'IARRTHÓIRÍ

LÉITEAR GO CÚRAMACH

COMÓRTAS OSCAILTE MAIDIR LE

SPEISIALTÓIR CUMARSÁIDE
(Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

Dáta Deiridh: 5i.n., Dé Céadaoin, 25 Deireadh Fómhair 2023

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tugtha do pholasaí deiseanna comhionanna. Beidh an comórtas seo á rith i gcomhréir leis na Cóid Chleachtais arna n-ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Foilsíonn an Coimisiún CCSP na Cóid Chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie.

Réamhrá

Tá deis faoi láthair ag duine dúthrachtach atá oilte go cuí dul i mbun cúraim ina **Speisialtóir Cumarsáide** leis an tSeirbhís Phromhaidh.

Síltear go bhféadfadh folúntas den chineál céanna a bheith i Ranna eile Rialtais san am atá romhainn agus, dá bhrí sin, cuirfear na hiarratasóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo, de réir an oird fiúntais, ar phainéal ar féidir ceapacháin a dhéanamh de i ndáil le folúntais den sórt sin.

Is deis iontach í seo ag daoine atá cáilithe go cuí an cleachtas cruthaitheachta san eagras fostaíochta a mhúnlú agus a chóiriú.

An tSeirbhís Phromhaidh

Is gníomhaireacht í an tSeirbhís Phromhaidh a thagann faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt. Is seirbhís náisiúnta atá inti a leagtar de shainchúram uirthi fónamh, trí athshlánú ciontóirí, do shábháilteacht an phobail agus do líon íospartach níos ísle. Tugtar sin i gcrích trí mheasúnacht agus bhainistíocht éifeachtúil ar chiontóirí, trí chur in aghaidh iompar ciontóireachta agus freastal d'imeascadh iarchiontóirí.

Oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh ar mhaithe le tír níos sábháilte agus níos córa in Éirinn:

- trína chinntiú go gcuirtear orduithe Cúirte i bhfeidhm;
- trí mhaolú ar an mbaol go bhfulaingeodh duine den phobal díobháil;
- tríd an dóigh go dtarlódh athchiontóireacht a mhaolú;
- tríd an dochar a tharlaíonn mar gheall ar chiontóireacht a chur ina cheart (cúiteamh agus ceartas aisig).

Cuireann an tSeirbhís Phromhaidh seirbhísí ar fáil a fhónann do shábháilteacht an phobail, a chuireann feabhas ar chomharsanachtaí agus a chuidíonn le ciontóirí athrú ar bhealach a leasa. Is é atá de ról leis an tSeirbhís ina leith sin:

- Oibriú leis an bpobal agus le comharsanachaí éagsúla maidir leis an mbainistíocht ar chiontóirí ionas gur lú ciontóireacht a tharlaíonn;
- Cur in aghaidh na ciontóireachta;
- Soirbhiú d'athshlánú iarchiontóirí sa ghnáthshaol ionas nach dtarlaíonn athchiontóireacht;
- Bainistíocht a dhéanamh, trí chomhar éifeachtúil páirtnéireachta, i ndáil le ciontóirí agus leo siúd a bheadh i mbaol díobháil a tharraingt.

Cuireann an tSeirbhís maoirseacht phromhaidh, seirbhís pobail, filleadh i measc an phobail, cláir maidir le hiompar ciontóireachta agus seirbhísí tacaíochta speisialta ar fáil do chiontóirí lánfhásta agus do chiontóirí óga. Cuirtear freisin seirbhís Promhaidh ar fáil do phríosúin agus d'ionaid coinneála ar mhaithe le hathshlánú ciontóirí agus d'fhonn freastal do d'ath-imeascadh príosúnach. Tagann maoirseacht ar 15,000 ciontóir i measc an phobail ar fud na tíre faoi chúram na Seirbhíse gach bliain.

Tá breis eolais faoi obair na Seirbhíse Promhaidh ar fail ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Promhaidh www.probation.ie

An Ról

Beidh an Speisialtóir Cumarsáide / Ardoifigeach Feidhmiúcháin lena n-éiríonn sa chomórtas ina chuid ríthábhachtach den mheitheal cumarsáide a oibríonn go dlúth leis an bPríomhoifigeach Cúnta maidir le Cumarsáid, leis an Oifigeach Riaracháin agus leis an meitheal bainistíochta go ginearálta d'fhonn fónamh go bríomhar don tSeirbhís i réimse na cumarsáide.

Ar na dualgais a leagtar ar na Speisialtóirí Cumarsáide a cheaptar ar an bhfoireann, áirítear (cé nach lánchuimsitheach seo mar liosta):

Is éard atá i gceist le róil agus cúraimí an aonaid:

- Tacú le straitéis cumarsáide na Seirbhíse Promhaidh a thabhairt i bhfeidhm go héifeachtúil ag an aonad, lena mbaineann cúnamh a thabhairt maidir le teachtaireachtaí corparáide, forbairt branda, cúrsaí digiteacha agus sóisialta, caidreamh leis na meáin chumarsáide, gnóthaí poiblí agus bainistíocht páirtithe leasmhara, fónamh don chur i bhfeidhm agus don mheasúnú.
- Cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le hócáidí tábhachtacha na Seirbhíse Promhaidh lena n-áirítear imeachtaí a phleanáil, ábhar mionteagaisc a ullmhú, cúnamh cumarsáide a chur ar fáil don fhoireann i gcoitinne.
- Eagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar lena chur ar fáil ar fud meáin éagsúla, mar shampla cainéil meán sóisialta, ailt don láithreán gréasáin, inlíon, Caidreamh Poiblí, léiriú físeán agus ríomh-Nuacht litreacha;
- Fónamh d'ábhar cumarsáide atá scríofa go soiléir, sothuigthe agus dea-struchtúrtha a chur ar fáil, lena n-áirítear preasráitis, freagraí ar cheisteanna parlaiminte agus ábhar mionteagaisc.
- Maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt i bhfeidhm phlean na Seirbhíse Promhaidh maidir le caidreamh leis na meáin chumarsáide, lena n-áirítear caidreamh díreach le hiriseoirí ar fud na hÉireann agus maoirseacht maidir leis an oifig preasa inmheánach..
- Fónamh d'fhorbairt fheachtais na Seirbhíse Promhaidh ar na meáin shóisialta agus fheachtais ar mhaithe le haird agus tuiscint an phobail a chothú le béim faoi leith ar smachtbhannaí pobail a chur chun cinn agus ar obair thograí atá bunaithe i measc an phobail.
- Fónamh do thabhairt i bhfeidhm phlean ghnóthaí poiblí na Seirbhíse Promhaidh atá dírithe ar ionadaithe poiblí, comhlachtaí poiblí agus gníomhaireachtaí poiblí a chur ar an eolas níos fearr faoi obair na Seirbhíse agus an tionchar a bhíonn ag an obair sin ar shábháilteacht an phobail.
- Tionscnaimh a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus eolas poiblí.
- Aithisc agus pacáistí sainteagaisc a dhréachtú do Bhainisteoirí Sinsearacha na Seirbhíse Promhaidh, d'Airí Roinne, etc.
- Caidreamh fónta le páirtithe leasmhara a cheangal agus a chothú, sa Roinn Dlí agus Cirt, i ngníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí earnáil an dlí choiriúil.
- Fónamh don fhorbairt ar pholasaithe, prótacail, teimpléid agus cáipéisí príomhthábhachtacha eile don fheidhm. Obair bhainistíochta agus chothabhála maidir leis na cáipéisí sin, athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh go tráthrialta san áireamh.

- Maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeán na cumarsáide agus ar an mbrandáil ionas go gcinntítear go mbíonn gach mír chumarsáide cóirithe go cuí don chainéal agus don sprioclucht féachana.
- Bainistíocht agus forbairt maidir le baill foirne a dhéanann tuairiscíocht go díreach leis an oifigeach.
- Dualgais eile de réir mar is gá.

An Duine

Riachtanach

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

- céim onóracha a bheith agat (Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) sa Chumarsáid nó disciplín gaolmhar eile

  NÓ

  trí bliana de thaithí oibre ábhartha i réimse na Cumarsáide.

  AGUS

- sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal,
- taithí ar oibriú go tréan i ról cumarsáide i réimse an rialtais, na hiriseoireachta, an chaidrimh phoiblí, maidir le bainistíocht páirtithe leasmhara nó i réimse gaolmhar
- spéis ghéar sna *'gnóthaí digiteacha ar fad'* lena n-áirítear na meáin shóisialta, láithreáin ghréasáin, inlín, ardáin físchomhdhála, cruthú ábhair etc.,
- sárscileanna idirphearsanta agus meon seirbhíse le cumas caidreamh a dhéanamh go héifeachtúil ar bhonn comhoibre le daoine eile agus caidreamh maith oibre a chothú,
- inniúlacht maidir le scileanna ríomhaireachta agus ardleibhéal inniúlachta maidir le pacáistí MS Office (Word, PowerPoint, Excel) ,
- an cumas oibriú mar bhall gníomhach, éifeachtach, oibleagáideach d'fhoireann i dtimpeallacht ghnóthach oibre,
- toilteanas oibriú ar bhealach solúbtha i dtimpeallacht ghnóthach oibre agus an cumas aird a athrú ó ghné amháin den obair go gné eile nuair is gá sin;
- dea-scileanna anailíse agus nuálaíochta agus an cumas deiseanna a thabhairt chun aire cuíchóiriú a thabhairt i bhfeidhm ar mhaithe le breis éifeachtúlachta agus an cumas nósanna imeachta a athbhreithniú d'fhonn seifteanna den nuáil a mholadh.
- meon 'déanaim sin' agus dúthracht maidir le cuspóirí na Seirbhíse Promhaidh.
- An cumas oibriú ar bhonn an chomhair i dtimpeallacht casta páirtithe leasmhara, le sárscileanna maidir le bainistíocht páirtithe leasmhara.
- Tuiscint ar an gcaoi ina n-oibríonn córas polaitíochta na hÉireann agus an Státseirbhís agus suim i ngnóthaí na meán cumarsáide in Éirinn agus tuiscint ar an réimse sin

Scileanna Inmhianta (níl riachtanach):

- Taithí ar ábhar físeáin a léiriú, ón taifeadadh go dtí an eagarthóireacht agus an foilsiú.
- Taithí ar ghrianghrafadóireacht nó ar bhainistíocht a dhéanamh maidir le seisiúin ghrianghrafadóireachta ar mhaithe le cúrsaí bolscaireachta.
- Scileanna nó taithí ar dhearadh grafach nó ar chumarsáid fhísiúil.
- Taithí ar ábhar a chruthú d'ardáin dhigiteacha, mar shampla láithreáin ghréasáin, ríomh-Nuacht litreacha, na meáin shóisialta nó tairseach inlín.

Beifear ag tnúth freisin go léiríonn iarrthóirí inniúlacht ar na réimsí a leagtar amach thall.

An Státseirbhís & an tSeirbhís Phoiblí – Príomhghnéithe Inniúlachta don Fheidhmíocht Éifeachtúil

Leagtar amach i gcreat inniúlachta na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí na príomhghnéithe inniúlachta ba chóir a bheith ag rith le státseirbhísigh agus le seirbhísigh phoiblí ionas gur féidir leo fónamh go fiúntach ina gcuid ról.

Is iomaí buntáiste atá leis na gnéithe inniúlachta atá de dhíth maidir le gach grád faoi leith a shonrú:

- Bíonn soiléire níos géire ar fáil maidir leis an ní a mbítear ag tnúth leis ó na gráid éagsúla.
- Is féidir le duine a leibhéal inniúlachta féin a bhreithniú agus a mheas i gcomórtas leis an leibhéal inniúlachta a mholtar maidir leis an ngrád ina bhfuil an duine faoi láthair. Fágann sin gur féidir le duine buanna faoi leith a thabhairt chun aire chomh maith le tréithe a mbeadh forbairt le déanamh orthu agus gur féidir sin a thabhairt san áireamh maidir le haidhmeanna feidhmíochta agus forbairt phearsanta faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.
- Is féidir le duine a gcuid forbartha a dhíriú ar na réimsí inniúlachta is tábhachtaí maidir lena ról.

Tugtar liosta thíos de na gnéithe inniúlachta a bhaineann le leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin:

Creat Inniúlachta na Státseirbhíse



Inniúlachtaí do Leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin

Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

Ceannaireacht Foirne	Oibríonn an duine leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, spriocanna soiléire agus réalaíocha a fhorbairt, ceisteanna faoi fheidhmíocht a réiteach má tharlaíonn siad
	Tugann an duine eolas agus comhairle shoiléir maidir leis na nithe a chaithfidh an fhoireann a dhéanamh
	Déanann an duine iarracht slite nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtach chun spriocanna a bhaint amach
	Tugann an duine treoir don fhoireann trína c(h)uid oibre féin, ag cabhrú le daoine más gá
	Tuigeann an duine an tábhacht a bhaineann le baill foirne a fhorbairt, a oiliúint agus an leas is fearr a bhaint as scileanna agus cumas na foirne.
	Tá an duine solúbtha agus toilteanach athrú agus cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm
Breithiúnas, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh	Bailíonn an duine agus déanann siad anailís ar eolas ó fhoinsí cuí cé acu ábhar airgeadais, uimhriúil nó eile agus déanann an duine na cúinsí tábhachtacha a mheas
	Cuireann an duine an cheist ina hiomláine agus impleachtaí bainteacha san áireamh nuair atá cinntí á ndéanamh acu
	Úsáideann an duine eolas agus taithí a fuair siad roimhe seo chun treoir a thabhairt maidir le cinntí a dhéanamh
	Déanann an duine cinntí stuama le bunús an-réasúnta agus seasann siad leo sin
	Cuireann an duine réitigh chun cinn le fadhbanna a réiteach
Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar	Glacann an duine freagracht agus bíonn siad freagrach as spriocanna comhaontaithe a sholáthar
	Bainistíonn an duine réimse de thionscadail éagsúla agus de ghníomhaíochtaí oibre ag an am céanna
	Cuireann an duine struchtúr ar agus eagraíonn siad a gcuid oibre agus an obair a dhéanann daoine eile go héifeachtach
	Tá an duine loighciúil agus stuama maidir le cur chuige, baineann an duine na torthaí is fearr is féidir amach leis na hacmhainní atá ar fáil
	Tugann an duine obair amach go héifeachtach, tugann siad eolas agus fianaise shoiléir maidir leis na nithe atá ag teastáil
	Lorgaíonn an duine réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh agus forbraíonn an duine moltaí praiticiúla chun iad a chur i bhfeidhm
	Léiríonn an duine díograis maidir le forbairtí nua/athruithe maidir le cleachtais oibre agus déanann siad tréaniarracht na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
	Cuireann an duine córais/próisis chuí i bhfeidhm chun gur féidir gach gníomhaíocht agus toradh a scrúdú go héasca maidir le caighdeáin
	Cleachtann an duine agus cuireann siad béim láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha
Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Cothaíonn an duine teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh
	Feidhmíonn an duine mar nasc éifeachtach idir baill foirne agus an lucht ardbhainistíochta
	Spreagann an duine comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre
	Bíonn an duine dáiríre ina t(h)eacht i láthair agus éiríonn leo aontú a fháil trí eolas ábhartha agus na buntáistí a chur i láthair go snasta
	Pléann an duine le daoine eile go múinte agus le meas fiú amháin nuair a bhíonn cúinsí dúshlánacha i gceist

	Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir, go cruinn agus le muinín le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh
	Comhoibríonn agus cabhraíonn siad le comhghleacaithe chun spriocanna eagraíochta a bhaint amach
Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt	Tuigeann an duine go soiléir na róil, cuspóirí agus spriocanna atá acu féin agus spriocanna na foirne agus an chaoi a suíonn siad sin isteach san aonad agus sa Roinn/Eagraíocht agus cuireann an duine seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile
	Tá ardleibhéil de shaineolas agus eolas leathan acu ar an Earnáil Phoiblí atá ábhartha dá réimse oibre
	Díríonn an duine ar fhorbairt phearsanta chun feidhmíocht a fheabhsú
Díograis agus Tiomantas do Chaighdeáin na Seirbhíse Poiblí	Déanann an duine gach iarracht feidhmiú ag leibhéal ard agus déanann siad tréaniarracht cuspóirí aontaithe a bhaint amach
	Léiríonn an duine teacht aniar fiú nuair atá tosca dhúshlánacha agus éilimh mhóra i gceist
	Tá an duine ionraic go pearsanta agus is féidir brath orthu
	Cinntíonn an duine go bhfuil na custaiméirí i lár baill maidir le gach seirbhís a sholáthraítear
	Cleachtann an duine ardchaighdeáin mhacántachta, eitice agus ionracais

An Próiseas Iarratais

Iarratais

Cuirtear faoi bhráid, le do thoil, CV reatha (nach faide ná dhá leathanach) agus litir chumhdaigh nach faide ná aon leathanach amháin ina leagtar amach an taithí atá agat a bhaineann le hábhar an róil. Is ceart AOF Speisialtóir Cumarsáide – ainm an iarrthóra a chur mar theideal leis an teachtaireacht ríomhphoist agus a sheoladh chuig psrecruit@probation.ie

An Dáta Deiridh d'Iarratais

Ní mór iarratas a chur isteach ar líne **tráth nach deireanaí ná 5:00 i.n., Dé Céadaoin, 25 Deireadh Fómhair 2023.** Is ar an iarratasóir atá de chúram a chinntiú go ndéantar an t-iarratas a chur isteach mar is ceart. Aon iarratas amhráin is ceart d'iarratasóirí a líonadh isteach agus a chur faoi bhráid. Is faoin iarratasóir a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas isteach mar is ceart.

Is le Microsoft Word, agus ar an modh sin amháin, is féidir Foirm Iarratais a chur isteach. Ní bheidh glacadh le hiarratas a chuirtear isteach le clár de chineál eile, mar shampla i bhformáid '.pdf'.

Tá tugtha faoi deara ag Acmhainní Daonna go bhfágann roinnt iarratasóirí go dtí an lá deireanach, nó go deimhin go dtí nóiméid bheaga roimh an tráth deireanach iarratais, sula gcuireann siad isteach an t-iarratas. Fágann sin gur minic a bhíonn iarratais mall ag teacht. Moltar go láidir don iarratasóir an t-iarratas a chur isteach chomh luath agus is féidir d'fhonn aon deacracht a sheachaint maidir leis an iarratas a bheith in am. Ar mhaithe le bheith cothrom le gach iarratasóir, ní féidir i gcás ar bith

glacadh le hiarratas atá mall. Cuirtear an polasaí seo i bhfeidhm go docht daingean.

An Próiseas Roghnúcháin

I bhfoirm agallaimh a eagrófar an próiseas roghnúcháin, agus an bhéim ar gach iarrthóir a mheas maidir lena réim oibre agus a dtaithí oibre i ndáil lena bhfuil riachtanach agus inmhianta ó thaobh inniúlacht tabhairt faoin bpost go sásúil.

Cé go bhféadfadh iarrthóir na coinníollacha incháilíochta maidir leis an gcomórtas a shásamh, d'fhéadfadh an Roinn Dlí agus Cirt a shocrú, sa chás go mbeadh líon na n-iarratasóirí ar an bpost chomh hard agus nárbh phraiticiúil agallamh a chur ar an uile dhuine acu, gur líon níos ísle ná sin a dhéanfaí a ghairm chun an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ina leithéid de chás, tá soláthar á dhéanamh ag an tSeirbhís Phromhaidh do phróiseas gearrliosta maidir le grúpa a roghnú, bunaithe ar iniúchadh a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais, ar cosúil gurb iad is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeadh siad ábalta tabhairt faoin bpost, is é atá i gceist go bhfuil roinnt iarrthóirí, arna meas de réir an iarratais, ar cosúil iad a bheith níos cáilithe agus / nó gur mó an taithí atá acu a bhaineann le hábhar.

Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a iniúchadh i gcomparáid le critéir réamhaontaithe maidir leis an ngearrliosta atá bunaithe ar riachtanais an phoist. D'fhéadfadh na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianta araon a luaitear maidir leis an bpost a theacht san áireamh leis na critéir don ghearrliosta. Is é do leas dá bhrí sin tuairisc mhion chruinn a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí san iarratas.

Táthar ag tnúth le hagallaimh iomaíochta a eagrú a luaithe is féidir tar éis an dáta deiridh maidir le hiarratais a chur isteach. Is ar an iarrthóir an cúram é nó í féin a bheith ar fáil don agallamh an tráth a leagtar síos. Táthar ag tnúth an painéal do Speisialtóirí Cumarsáide a bheith curtha ar bun i mbliana. Cé go mbeidh an t-agallamh dírithe ar na scileanna agus na réimsí inniúlachta a leagtar amach thíos, is ceart d'iarrthóirí a thabhairt chun aire gur agallamh de chineál meathstruchtúrtha a bheidh ann.

Tabharfar faisnéis ó **Roinn A** agus **Roinn B** na foirme iarratais faoi mheas i rith an agallaimh. Beidh leas á bhaint ag an mbord agallaimh as na réimsí inniúlachta a leagtar amach thíos chun na hiarrthóirí a mheas agus painéal a chur le chéile.

An Scéim Marcála maidir leis an Speisialtóir Cumarsáide:

Tréithe/Réimsí Taithí	Uasmharc (ar fáil)	Íosmharc (de dhíth)*
Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt	150	75
Breithiúnas, Anailís agus Déanamh Cinntí	100	50
Bainistíocht agus Torthaí a Thabhairt i gCrích	100	50

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	100	50
Ceannaireacht Foirne	100	50
Díograis agus Dúthracht i ndáil le Meon na Seirbhíse Poiblí	100	50
Iomlán	650	390*

* *Tá Íosmharc 75 as an 150 marc iomlán atá ar fáil i ndáil le hEolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt agus Íosmharc 50 as an 100 marc iomlán atá ar fáil faoi gach ceann eile de na critéir, de dhíth chun pasmharc a ghnóthú ag an agallamh. Ba chóir a thabhairt chun aire, áfach, nach mór ar a laghad 390 marc, as an 650 atá ar fáil go hiomlán, a ghnóthú sular féidir duine a thabhairt san áireamh maidir lena c(h)ur ar an bpainéal; chomh maith leis sin, ní hionann an marc sin a ghnóthú agus cinnteacht go gcuirfear an t-iarratasóir ar an bpainéal.

Cáilitheacht maidir le Cur isteach ar an gComórtas agus Srianta Áirithe maidir le Cáilitheacht

Coinníollacha maidir le Saoránacht

Is iad amháin atá cáilithe maidir le hiomaitheoireacht:

(a) Saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíochta (LEE). Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE; nó

(b) Saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó

(c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saoirse gluaiseachta ag daoine; nó

(d) Duine nach saoránach de chuid an LEE ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

(e) Duine ag a bhfuil cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar gheall ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

(f) Duine nach saoránach de chuid an LEE is tuismitheoir ag leanbh cleithiúnaigh atá ina s(h)aoránach de chuid an LEE agus ina c(h)ónaí i mballstát de chuid an LEE nó sa Ríocht Aontaithe nó san Eilvéis agus ag a bhfuil víosa stampa 4.

Ní mór d'iarrthóir a bheith cáilithe faoin dáta a ndéantar post a thairiscint le bheith i dteideal glacadh leis an bpost sin.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí

Tugadh isteach le litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dháta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann arna aontú idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta *ex gratia* le Seirbhísigh Phoiblí. Tá de choinníoll leis an gComhaontú Comhchoiteann nach mbeidh duine a bhaineann leas as an gcomhaontú i dteideal athfhostaíochta sa tSeirbhís Phoiblí, ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (faoi mar a thugtar sainmhíniú air sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse dhá bhliain ó chuirtear deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh ar dhuine a bhain leas as an scéim sin, sa chás go n-éiríonn le duine den sórt

sin sa chomórtas, a chruthú go bhfuiltear i dteideal athfhostaíochta (go bhfuil an tréimhse dícháilíochta caite).

An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)

Tá de choinníoll leis an Scéim Dreasachtaí Luathscoir faoi mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le duine a chuaigh ar scor faoin Scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá réir sin, ní féidir le duine a chuaigh ar scor faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí

Tugadh Scéim Luathscoir Dheonaigh (SLD) shonrach agus Scéim Iomarcaíochta Deonaí (SID) isteach le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí dar dháta an 1 Samhain 2010. Tá de choinníoll leis an scéim SLD nach mbeidh duine a bhaineann leas as an scéim sin i dteideal athfhostaíochta in earnáil na sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná in eagras ar le hairgead poiblí a ndéantar a mhaoiniú go hiomlán nó go príomha. Tá toirmeasc mar a chéile maidir le hathfhostaíocht i bhfeidhm faoin scéim SID ach gur go ceann tréimhse 7 mbliana a leanann an toirmeasc faoin scéim sin. Níl duine a bhain leas as an scéim SLD i dteideal cur isteach ar an gcomórtas seo. Beidh ar dhuine a bhain leas as an scéim SID, sa chás go n-éiríonn le duine den sórt sin sa chomórtas, a chruthú go bhfuiltear i dteideal athfhostaíochta (go bhfuil an tréimhse dhícháilíochta caite).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013)

Tugadh isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí do na hÚdaráis Áitiúla le Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. I gcomhréir leis an g*Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dháta an 28 Meitheamh 2012 faoi mar a luaitear thuas, tá de choinníoll go sainráite leis an Scéim sin nach mbeidh daoine i dteideal athfhostaíochta in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [faoi mar a thugtar sainmhíniú air sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go ceann tréimhse dhá bhliain óna ndáta fágála faoin Scéim. Tá feidhm leis na coinníollacha sin freisin maidir le fostú/fostaíocht ar bhonn conradh seirbhíse (más i gcáil conraitheora nó i gcáil fostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú

Beidh dlite ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht maidir le sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (arna íoc nó ar caomhnú) mar gheall ar aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a admháil agus/nó aon íocaíocht ionaid a fuarthas i ndáil le seirbhís le linn fostaíochta Seirbhíse Poiblí de chineál ar bith.

Roghafhostóir

Ina **Roghafhostóir** di, tá cuid mhór polasaithe oibre solúbtha ag an Státseirbhís atá cóiriúil do theaghlaigh e.g. Roinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra, Obair Chianda (arna riar ar bhonn "obair chumaisc"), etc. Is féidir iarratas a chur isteach maidir le gach polasaí roghnach i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta faoi mar a bhaineann le hábhar. Tagann siad ar fad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Tá scéim Gluaiseachta i bhfeidhm ag an Státseirbhís maidir leis na gráid gnáthsheirbhíse ar fad. Faoin scéim sin, cuirtear deiseanna gaire ar fáil do bhaill foirne ionas gur féidir róil iléagsúla a

fhoghlaim agus páirt a ghlacadh iontu ar fud eagraíochtaí éagsúla Státseirbhíse agus réimsí éagsúla tíreolaíochta.

Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís seo a thagann faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956-2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire maidir leis an Státseirbhís.

Tuarastal

Mar seo a leanas an Scála Tuarastail Caighdeánach don Ardoifigeach Feidhmiúcháin atá ag gabháil leis an bpost: (rátaí mar atá i bhfeidhm ón 1 Márta 2023):

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP):

€54,764 €56,365 €57,963 €59,560 €61,163 €62,758 €64,358 €66,667[1] €68,970[2]

Is é an ráta pá RPP a chuirtear i bhfeidhm nuair atá dlite ar dhuine Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéime chomh maith) i gcomhréir le rialacha na príomhscéime aoisliúntais nó a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus ranníocaíocht i ndáil le ballraíocht i Scéim Céilí agus Leanaí ná Ranníocaíocht Aoisliúntais Breise (ASC).

Ráta tuarastail eile a bheadh i bhfeidhm sa chás nach bhfuil dlite ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc.

D'fhéadfadh incrimint fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ar uaspointe an scála.

Nóta Tábhachtach:

Ar an bpointe is ísle den scála a thosófar agus ní bheidh ráta an luacha saothair ina ábhar caibidlíochta, is féidir a athrú ó am go chéile i gcomhréir le polasaí pá an Rialtais.
D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha eile a bheith i bhfeidhm má tá tú ag fónamh faoi láthair i do státseirbhíseach nó i do sheirbhíseach poiblí.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh incrimintí a bheith le híoc de réir pholasaí an Rialtais ag an am.
Aontóidh tú go mbeidh aon ró-íocaíocht maidir le tuarastal, liúntais nó costais le haisíoc agat i gcomhréir le Ciorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntais agus Costais a dhéantar le Ball Foirne, le hIar-bhall Foirne nó le Pinsinéir.

Tionacht agus Promhadh

Ceapachán i bpost buan ar conradh promhaidh sa Státseirbhís atá i gceist.

Leanfaidh an conradh promhaidh go ceann tréimhse aon bhliain amháin ón dáta a luaitear ar an gconradh.
I rith thréimhse an chonartha promhaidh, tiocfaidh do chuid feidhmíochta faoi réir athbhreithniú á dhéanamh ag do mhaoirseoir/do chuid maoirseoirí d'fhonn a dheimhniú:

(i) go ndearna tú do chuid oibre ar bhealach sásúil,

(ii) go raibh do chuid iompair go ginearálta sásúil, agus

(iii) go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh cúrsaí sláinte le haird faoi leith ar shaoire breoiteachta.

Sula dtagann deireadh leis an gconradh promhaidh, déanfar cinneadh cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar tú a choinneáil de chun *Alt 5A(2) Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 – 2005*. Beidh an cinneadh ina leith sin bunaithe ar do chuid feidhmíochta arna meas i gcomparáid leis na critéir a leagtar amach ó (i) go (iii) thuas. Míneoidh an tSeirbhís Phromhaidh mionghnéithe an phróisis promhaidh duit agus tabharfar cóip duit de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an tréimhse phromhaidh.

D'ainneoin na n-alt roimhe seo, is féidir le ceachtar den dá thaobh an conradh promhaidh a fhoircheannadh tráth ar bith roimh dhul in éag an chonartha i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 – 2005.

Sna cásanna seo a leanas, is féidir síneadh a chur leis an gconradh agus an tréimse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí sa chás go mbíonn an fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Saoire Uchtaithe.
- I ndáil le fostaí atá as láthair ar Shaoire Thuismitheoireachta nó ar Shaoire Cúramóirí, is féidir leis an bhfostóir a thabhairt go gcuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí muna gceaptar go mbeadh an tréimhse sin oiriúnach maidir le leanúint den phromhadh.
- Is féidir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna éagsúla, mar shampla, tréimhse as láthair mar gheall ar bhreoiteacht nach athfhillteach, agus
- Aon fhoráil eile faoin reachtaíocht lena bhforáiltear go gcuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí -
  (i) go gcuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn don fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
  (ii) go ndéantar an tréimhse phromhaidh a chríochnú tar éis don fhostaí filleadh ar an obair tar éis tréimhse den sórt sin as láthair.

Sa chás go gcuirtear tréimhse phromhaidh ar fionraí, is ceart don fhostóir an fostaí a chur ar an eolas faoi na cúinsí a bhaineann leis sin.

Cuirfidh gach duine a cheaptar tréimhse phromhaidh bliana isteach. Sa chás nach n-éiríonn le duine a cheaptar coinníollacha na tréimhse promhaidh a shásamh agus go raibh an duine sin ag fónamh ina státseirbhíseach díreach sula ndearnadh a c(h)eapadh ón gcomórtas seo, is iondúil go dtiocfaidh filleadh ar an bpost roimh ré i gceist. I gcás filleadh den sórt sin, fillfidh an t-oifigeach i bhfolúntas sa ghrád ina mbíodh an t-oifigeach agus sa Roinn ina mbíodh an t-oifigeach roimhe seo.

Ceanncheathrú

Beidh an ceanncheathrú de réir mar a dheimhníonn Ceann na Roinne / Eagraíochta ó am go chéile. Sa chás go n-éilítear ar an té a cheaptar taisteal a dhéanamh i mbun dualgais oifigiúla, íocfar na costais taistil agus na liúntais chothabhála chuí, faoi réir ag gnáthrialacháin na státseirbhíse.

Uaireanta Freastail

Beidh na huaireanta freastail mar a shocraítear ó am go chéile ach ní bheidh olliomlán na n-uaireanta níos lú ná 41 uair a chloig agus 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine. Éileofar ar an té a cheaptar uaireanta breise a oibriú ó am go chéile de réir mar atá réasúnta agus riachtanach maidir le dualgais an phoist a chomhlíonadh mar is ceart le haird ar na teorainneacha a leagtar síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Tugtar an dóigh go dtarlódh freastal breise ó am go chéile san áireamh leis an ráta tuarastail atá le híoc.

Is ceart d'iarrthóirí a thuiscint go mbeidh na coinníollacha maidir le hoibriú i láthair san ionad oibre i gcomhréir le Polasaí na Seirbhíse Promhaidh maidir le hObair Chumaisc. Éilítear ar bhaill na foirne teacht i láthair san ionad oibre ar a laghad trí lá den tseachtain ar na laethanta sin a aontú leis an mbainisteoir líne. D'fhéadfadh go n-éileofaí freastal ar an láthair níos minice ná sin chomh maith ag brath ar chúinsí an ghnó.

Oiliúint

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tugtha do dheiseanna leanúnacha oiliúna agus forbartha a chur ar fáil don fhoireann ar fad. Tá brainse faoi leith sa tSeirbhís Phromhaidh atá dírithe ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne agus cuireann an brainse sin oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do bhaill nua foirne. Cuirtear oiliúint leanúnach ar fáil freisin maidir le scileanna agus eolas ar réimsí faoi leith a bhaineann le hábhar maidir le príomhobair na Seirbhíse Promhaidh.

Saoire Bhliantúil

Is ionann an liúntas saoire bliantúla maidir le post an Speisialtóra Cumarsáide agus 29 lá (bunaithe ar ról lánaimseartha) agus 29 lá sa bhliain féilire agus sin á ardú go dtí 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse. Tagann an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a cheadú sa státseirbhís, tá an liúntas bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá agus ní thugtar na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Saoire Bhreoiteachta

Beidh pá le linn saoire bhreoiteachta arna deimhniú mar is ceart, agus ar choinníoll nach ann d'aon fhianaise ar neamhábaltacht seirbhíse go buan, á íoc ar bhonn pro-rata, de réir mar a fhoráiltear dó sin sna ciorcláin maidir le saoire bhreoiteachta.

Beidh ar oifigigh a mbeadh ÁSPC á íoc ar Ráta Aicme A acu sainordú a shíniú lena dtugtar d'údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn / Eagraíocht fostaíochta. Beidh íoc le linn breoiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go

gcuireann an t-oifigeach gach éileamh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá i bhfeidhm.

Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Tairgeofar na téarmaí agus na coinníollacha cuí aoisliúntais, faoi mar atá i bhfeidhm sa Státseirbhís an tráth a dtairgtear an ceapachán, don iarrthóir a roghnaítear. Go ginearálta, is ceapachán bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair") a thairgfear do dhuine nár oibrigh roimh ré sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sonraí iomlána faoin Scéim sin ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an té a cheaptar i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (nach faoi théarma na Scéime Aonair) i rith na tréimhse 26 seachtaine anall go tráth an cheapacháin, nó sa chás go bhfuil an té sin ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le/gan pá, d'fhéadfadh malairt téarmaí a theacht i gceist. Bíonn an pinsean a bhfuil daoine den sórt sin ina theideal bunaithe ar chomhthéacs a gcuid fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inpinsin: Tá an aois íosta ag a mbíonn pinsean le híoc cothrom leis an aois cháilitheachta maidir leis an bPinsean Stáit, 66 bliain d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor nuair a bhíonn siad 70 bliain d'aois.
- An meántuarastal le linn ré gairme a úsáidtear chun sochair a ríomh (fabhraíonn suim pinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar a mboilsciú gach bliain i gcomhréir leis an PIT).
- Bíonn ardú ar an bpinsean tar éis dul ar scor ceangailte leis an PIT.

Laghdú Pinsin

- Sa chás go mbíodh an té atá le ceapadh fostaithe roimh ré sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean Státseirbhíse nó pinsean Seirbhíse Poiblí á fháil ag an té sin nó go dtarlóidh pinsean Státseirbhíse nó pinsean Seirbhíse Poiblí a bheith le híoc leis an té sin i rith na tréimhse athfhostaíochta, tiocfaidh an pinsean sin faoi réir a laghdaithe i gcomhréir le hAlt 52 an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tugtar chun aire: Ag cur isteach ar an bpost seo duit, tá á admháil agat go dtuigeann tú go mbeidh feidhm leis na forálacha laghdaithe de réir mar is cuí. Ní fheictear go gcuideodh an Roinn/Oifig Fostaíochta le hiarratas ar dhíolúine ó laghdú i ndáil le ceapachán sa phost seo.**

- Sa chás go mbíodh an té atá le ceapadh fostaithe roimh ré sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur ceadaíodh pinsean don té sin faoi shocruithe maidir le luathscor deonach (seachas faoin Scéim Dreasachtaí Luathscoir (SDL), faoi Chiorclán 7/2010 Scéim Luathscoir Dheonaigh /Scéim Iomarcaíochta Deonaí na Roinne Sláinte nó faoi Chiorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine cáilithe le cur isteach ar an gcomórtas seo), rachaidh teideal an phinsin sin a fháil i léig le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. D'fhéadfadh, ina dhiaidh sin féin, go ndéanfaí socruithe speisialta i ndáil

le seirbhís a ceadaíodh roimhe seo don té atá le ceapadh maidir leis an ríomh a cheadófaí ar aoisliúntas sa chás go dtarlódh sé go mbeadh an té sin ina theideal tráth is faide anonn.

Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí - Ciorclán 102/2007
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir isteach do Mhúinteoirí. Tá de choinníoll faoin Scéim Luathscoir, ach amháin sna cásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus alt 10.3 den cháipéisíocht ciorcláin a bhaineann le hábhar, agus leis na cásanna eisceachta sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi shraith de na sraitheanna 1, 2 agus 3 faoin scéim sin agus má tharlaíonn an múinteoir sin a fhostú arís tráth is faide anonn i réimse ar bith den earnáil phoiblí, go dtiocfaidh deireadh gan mhoill le híoc pinsin faoin scéim leis an duine sin. Cuirfear, áfach, tús in athuair le híocaíochtaí pinsin ar dheireadh a theacht le fostaíocht den sórt sin nó ar 60 bliain a bheith slán ag an duine ach, an tráth a dtosaítear ag íoc an phinsin in athuair, is ar bhlianta ináirithe seirbhíse an duine sin i mbun múinteoireachta a bheidh an pinsean bunaithe (i.e. ní chuirfear blianta breise a ceadaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

Dul ar Scor de bharr Drochshláinte (SDS)
Tugtar chun aire go n-éilítear ar dhaoine a chuaigh ar scor roimhe seo mar gheall ar dhrochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais a dhearbhú leis an eagraíocht atá i mbun an chomórtais earcaíochta, tráth a ndéantar an chéad iarratas, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu.

Éileofar ar iarratasóirí teacht i láthair in oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéantar a n-ábaltacht seirbhís a chur ar fáil go rialta éifeachtúil a mheas agus an cás a d'fhág go raibh siad i dteideal dul ar scor mar gheall ar dhrochshláinte á thabhairt san áireamh.

Ceapachán tar éis dul ar scor ón Státseirbhís mar gheall ar dhrochshláinte

Ba chóir don iarratasóir an méid seo a leanas a thabhairt chun aire maidir le cás ina n-éireodh leis an iarratas sa chomórtas:

1. Má bhreithnítear go bhfuil an t-iarratasóir ábalta seirbhís a chur ar fáil go rialta éifeachtúil agus an t-iarratasóir a cheapadh i bpost, tiocfaidh deireadh leis an bpinsean drochshláinte ón státseirbhís.

2. Sa chás go dtarlódh ina dhiaidh sin go dteipeann ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh nó go socraíonn an t-iarratasoir éirí as an bpost, <u>ní féidir filleadh ar an stádas maidir le dul ar scor ón Státseirbhís de bharr drochshláinte ná an pinsean drochshláinte státseirbhíse a chur ar bun in athuair</u> faoi mar a bhí sular chuir an t-iarratasóir an t-iarratas isteach agus níltear ina theideal sin.

3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) den iarratasóir ar a c(h)eapadh i bpost sa chás gur faide ná 26 seachtaine an briseadh sa tseirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí.

Ceapachán tar éis dul ar scor ón tseirbhís phoiblí mar gheall ar dhrochshláinte:

1. Sa chás go ndeachaigh iarratasóir ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh an pinsean drochshláinte ón bhfostaíocht sin a theacht faoi réir athbhreithnithe i gcomhréir leis na rialacha maidir le dul ar scor mar gheall ar dhrochshláinte faoin scéim sin.

2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, beidh dlite ar an iarratasóir tráth an cheapacháin a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean (drochshláinte nó eile) seirbhíse poiblí á fháil aige/aici agus d'fhéadfadh an pinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir a laghdaithe.

3. Déanfar ball de Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) den iarratasóir ar a c(h)eapadh i bpost sa chás gur faide ná 26 seachtaine an briseadh sa tseirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí.

Tugtar chun aire, le do thoil, eolas níos mine maidir lena dtiocfadh i gceist i ndáil le pinsean an té a bhfuil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí á fháil aige/aici ar fáil trí bhrú ar an nasc seo

Fabhrú Pinsin
Beidh uasteorainn 40 bliain i bhfeidhm lenar féidir a áireamh de sheirbhís iomlán i ndáil le pinsean sa chás gurbh ball duine de níos mó ná aon scéim phinsin seirbhíse poiblí amháin roimh ré (.i. scéim nach í an Scéim Pinsean Aonair) de réir Acht na bliana 2012. Foráiltear don uasteorainn 40 bliain faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh nithe a bheith le tabhairt san áireamh ina leith sin maidir le duine ar bith a bheadh le ceapadh ag a bhfuil cearta pinsin fabhraithe maidir le fostaíocht roimhe seo sa tSeirbhís Phoiblí.

Ranníocaíocht Breise Aoisliúntais

Tagann an ceapachán seo faoi réir Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (RBAL) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Nóta:** Sa bhreis ar aon ranníocaíocht pinsin (ranníocaíochtaí príomhscéime agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi choinníollacha na scéime pinsin a dhéantar aisbhaintí RBAL.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Pinsean Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Beidh feidhm leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, i ndáil leis an bpost seo.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha atá i gceist agus níl cead ag an té a cheaptar sa phost dul i mbun cleachtais go príobháideach ná a bheith ceangailte le haon ghnóthas seachtrach, a bheadh i gcoimhlint ar bhealach ar bith le dualgais oifigiúla an oifigigh, a chuirfeadh isteach ar fheidhmíocht an oifigigh, nó a tharraingeodh amhras ar ionracas an oifigigh.

Rúndacht agus Caighdeáin Iompair: Rúin Oifigiúla agus Ionracas

I rith théarma an chonartha promhaidh, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963 arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a scaoileadh le tríú páirtí neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina dhiaidh.

Tiocfaidh an té a cheaptar faoi réir Chód Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse. Beidh feidhm leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, de réir mar is cuí, i ndáil leis an bhfostaíocht seo.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

I rith théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha maidir le státseirbhísigh agus polaitíocht.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Na príomhchoinníollacha seirbhíse a luaitear thuas agus níl le tuiscint gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad faoi mar a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir sa phost

An Nós Imeachta maidir le hAthbhreithniú

Tá an próiseas roghnúcháin don chomórtas seo á eagrú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Ceapachán i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Is féidir an Cód Cleachtais a mheas ach dul ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar www.cpsa.ie.

Leagtar amach eolas faoi nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú in Alt 7 agus Alt 8 sa Chód Cleachtais thuasluaite. (Dhá nós imeachta faoi leith atá iontu agus ní féidir an dá nós imeachta a oibriú maidir le haon chás amháin. Má tharlaíonn athbhreithniú foirmiúil faoi Alt 7 an Chóid, ní féidir a éileamh ina dhiaidh sin go ndéantar an dara hathbhreithniú faoi Alt 8 ar an aon phróiseas amháin, ach amháin i gcúinsí eisceachta agus sin le cinneadh, dá rogha féin go hiomlán, ag an gCoimisiún.)

- **Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil:** Déanfar gach dícheall, nuair is féidir sin, ach le haontú an iarrthóra i ngach cás, aon cheist/gearán a réiteach trí phróiseas neamhfhoirmiúil a oibriú.
- **Athbhreithniú faoi Alt 7:** an nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm sa chás go mbíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh i ndáil leis an iarrthóireacht (ach nach dóigh leis an iarrthóir gur tharla an Cód Cleachtais a shárú).
- **Athbhreithniú faoi Alt 8:** an nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm sa chás go mbíonn iarrthóir den tuairim, maidir le gné ar bith den phróiseas, gur tharla sárú ar Chód Cleachtais an Choimisiúin (CCSP).

Iarratas maidir le hAthbhreithniú

Sa chás go n-iarrann iarrthóirí go ndéanfaí athbhreithniú, is ceart dóibh roghnú maidir leis an nós imeachta atá oiriúnach don chás, i.e. Neamhfhoirmiúil nó Foirmiúil, Alt 7 nó Alt 8. Ní mór don iarrthóir an t-iarratas a chur faoi bhráid taobh istigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sa Chód Cleachtais. Tá na teorainneacha sin i bhfeidhm ionas gur féidir beart coigeartaithe a dhéanamh, más gá, gan moill a chur ar an bpróiseas d'iarrthóirí eile. Ní mór do na hiarrthóirí na cúiseanna le hathbhreithniú a leagan amach go soiléir agus an tAlt lena mbaineann faoin gCód a lua go sonrach. *D'fhéadfadh go ndiúltófaí iarratas ar athbhreithniú sa chás nach bhféadann an t-iarrthóir cúis mhaith a lua leis an iarratas.*

Bítear i dteideal admháil a fháil, laistigh de thrí lá, maidir le hiarratas ar athbhreithniú foirmiúil, agus ní foláir toradh an athbhreithnithe a chur ar fáil laistigh de 25 lá ó fhaightear an t-iarratas. Murar féidir an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche lena linn sin, cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe agus faoi na cúiseanna leis an moill.

Seo a leanas na teorainneacha ama maidir le hiarratas ar athbhreithniú

Athbhreithniú faoi ALT 7	**Athbhreithniú faoi ALT 8**
Céim Eatramhach an Chomórtais - *Iarratas maidir le hAthbhreithniú Neamhfhoirmiúil* – 2 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil - *Iarratas maidir le hAthbhreithniú Foirmiúil* – 4 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil **Céim Dheiridh an Chomórtais** - *Iarratas maidir le hAthbhreithniú Neamhfhoirmiúil* – 5 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil - *Iarratas maidir le hAthbhreithniú Foirmiúil* – 10 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil nó 2 lá oibre tar éis fógra faoi athbhreithniú neamhfhoirmeálta a fháil	**Céimeanna Eatramhacha agus Céim Dheiridh an Chomórtais** - *Iarratas maidir le hAthbhreithniú Neamhfhoirmiúil* – 5 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil - *Iarratas maidir le hAthbhreithniú Foirmiúil* – 2 lá oibre tar éis an cinneadh a eascraíonn ó athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil nó gan mhoill sa chás nach dtapaíonn an t-iarrthóir deis ar Athbhreithniú neamhfhoirmiúil - *CPSA* – 10 lá oibre tar éis an cinneadh a eascraíonn ó athbhreithniú sealbhóra oifige a fháil

Canbhasáil

Is ceart d'iarratasóirí a thabhairt chun aire go bhfágfaidh canbhasáil á déanamh ag an iarratasóir nó thar ceann an iarratasóra go mbeidh an t-iarratasóir dícháilithe agus go gcuirfear an t-iarratasóir as an áireamh maidir le próiseas an cheapacháin.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, pléifear faoi rún docht le gach iarratas.

Deimhniú Slándála

Éileofar ort foirm maidir le ríomh-Ghrinnfhiosrúchán an Gharda a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais sa chás go mbíonn tú do do thabhairt san áireamh maidir le ceapachán. Seolfar an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána ar mhaithe le seiceáil slándála i ndáil le gach seoladh cónaithe a bhí agat in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Sa chás, ina dhiaidh sin agus uile, nach n-éiríonn le d'iarratas, déanfaidh an tSeirbhís Phromhaidh an fhoirm sin a scrios.

Sa chás gur chónaigh tú / go ndearna tú staidéar i dtíortha seachas Poblacht na hÉireann ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí, tá **de choinníoll éigeantach** go gcuireann tú **Dearbhú Glan Póilíneachta** faoi bhráid ó na tíortha sin ar a luaitear nár cláraíodh ciontú ar bith i do leith le linn duit a bheith i do chónaí sa tír. Beidh ort **Dearbhú Glan Póilíneachta** faoi leith a chur ar fáil **maidir le gach tír faoi seach ina ndearna tú cónaí** ar an gcaoi sin. Ní mór dáta níos deireanaí ná an dáta ar fhág tú an tír a bheith leis an dearbhú.

Is ORTSA atá de chúram gach dearbhú slándála a lorg go tráthúil ós féidir roinnt ama a bheith i gceist lena bhfáil. Ní féidir tú a cheapadh i bpost gan an t-eolas seo a chur ar fáil agus gach rud a bheith in ord.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh de fhreagracht ar an tSeirbhís Phromhaidh aon chostas a thagann ar iarratasóir a aisíoc.

Ní ceart a cheapadh gur ionann duine a ligean isteach ar phróiseas, ná cuireadh a thabhairt do dhuine chuig agallamh, agus a thabhairt le tuiscint go bhfuil an tSeirbhís Phromhaidh sásta go bhfuil coinníollacha an chomórtais dá gcomhlíonadh ag an té sin agus nach mbeadh an té sin dícháilithe faoin dlí ó cheapachán sa phost agus ní hionann é agus deimhniú go ndéanfar an t-iarratas ón duine sin a mheas tuilleadh. Is tábhachtach, dá réir sin, go dtabharfá chun aire gur ortsa atá de chúram a chinntiú, sula dtagann tú i láthair ag agallamh, go sásaíonn tú na coinníollacha cáilitheachta maidir leis an gcomórtas.

Sa chás nach sásaíonn tú na coinníollacha riachtanacha sin maidir le cur isteach ar an gcomórtas, agus go dtagann tú i láthair ag agallamh dá ainneoin sin, beidh tú ag tarraingt costas ort féin gan aon ghá leis.

Sa chás go ndiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán glacadh leis, nó sa chás, tar éis glacadh leis an bpost, go socraíonn an té sin ligean leis, nó sa chás go dtarlaíonn folúntas breise, is féidir leis an mBord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh maidir le ceapachán de bhun thorthaí an phróiseas roghnúcháin seo.

D'fhéadfadh go gcuirfí painéal le chéile mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta seo óna líonfaí folúntais eile a thiocfadh chun cinn san am atá romhainn.

A luaithe a ghlacann iarrthóir le tairiscint ceapacháin, bainfear ainm an iarrthóra sin de liosta an phainéil agus ní tharlóidh aon tairiscint cheapacháin eile don iarrthóir sin.

Sa chás go dtagann folúntas den chineál céanna chun cinn in ionaid eile ar fud na Státseirbhíse, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí iarrthóirí ón gcomórtas seo.

Aiseolas a Iarraidh

Cuirfear aiseolas ar fáil d'iarrthóirí maidir leis an bpróiseas roghnúcháin má iarrtar sin. Níl aon teorainneacha ama faoi leith leagtha síos maidir le haiseolas a chur ar fáil.

Tugtar chun aire gur próiseas ar leith an Próiseas Athbhreithnithe faoi mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil teorainneacha sonracha ama ar gá cloí leo i ndáil leis sin. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a agairt. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur i dtoll a chéile sula dtionscnaítear an próiseas athbhreithnithe. Ní féidir síneadh a chur leis na teorainneacha ama a leagtar síos i gCód an Choimisiúin (CCSP) ar aon chúis, aiseolas a chur ar fáil san áireamh.

Dualgais ar Iarrthóirí

Ní ceadmhach d'iarrthóir:

- faisnéis bhréige a chur ar fáil go feasach nó go meargánta
- canbhasáil a dhéanamh ar aon duine, le haslach nó gan aslach
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir tráth ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas nó amhras a tharraingt ar an bpróiseas ar bhealach ar bith

Is tábhachtach a choinneáil i gcuimhne gur próiseas iomaíochta seo maidir le ról a bhfuil buntábhacht le hardchaighdeáin ionracais ina leith. D'fhéadfadh gur dícháiliú ón gcomórtas a thiocfadh de thoradh eolas faoin bpróiseas roghnúcháin a chur sa timpeall e.g. ar na meáin shóisialta nó trí mheán ar bith eile.

Tugtar chun aire go mbaineann cóipcheart le gach cuid den ábhar measúnaithe agus tástála agus go bhfuil gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den ábhar tástála (lena n-áirítear sleachta faisnéise, ceisteanna nó freagraí roghnacha), d'ábhar gaolmhar ná d'ábhar agallaimh a atáirgeadh ná a fhorleathadh i bhfoirm ar bith ná trí mheán ar bith, lena n-áirítear foirm nó meán leictreonach, meicniúil, fótachóipeála, grianghrafadóireachta, taifeadta, scríbhinne nó eile, tráth ar bith. Is cion atá ina leithéid a dhéanamh agus d'fhéadfadh go dtiocfadh do dhíbirt ón bpróiseas roghnúcháin dá thoradh. Is féidir duine ar bith a sháraíonn an fhoráil seo, nó a chuidíonn le duine nó daoine eile an fhoráil seo a shárú, a ionchúiseamh agus/nó cás sibhialta a thabhairt ina c(h)oinne maidir le sárú cóipchirt agus maoin intleachta a chailliúint.

An Cód Cleachtais a Shárú

Tá duine ar bith a sháraíonn foráil acu sin thuas, nó a chuidíonn le duine eile ní dá bhforáiltear thuas a shárú, ciontach i gcion. Is féidir fíneáil nó príosúnacht a ghearradh ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Anuas air sin, sa chás gur nó gurbh iarrthóir sa phróiseas earcaíochta duine a chiontaítear i gcion:

- déanfar é/í a chur as an áireamh mar iarrthóir agus a chur amach as an bpróiseas; agus
- má tharla an t-iarrthóir a cheapadh i bpost tar éis an phróisis earcaíochta, déanfar é/í a dhíbirt as an bpost sin.

Fearas Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn an tSeirbhís Phromhaidh úsáid neamhúdaraithe as trealamh taifeadta de chineál ar bith ar áitreabh de chuid na Seirbhíse. Baineann sin le taifeadadh fuaime de chineál ar bith agus le taifeadadh pictiúir nó físeán de chineál ar bith, bíodh taifeadadh fuaime in éineacht leis sin nó ná bíodh. Baineann sé freisin le fearas de chineál ar bith a d'úsáidfí chun na críche sin.

Ní mór d'aon duine ar mhian leis nó léi úsáid a bhaint as fearas dá shórt maidir le feidhm ar bith acu sin cead a lorg i scríbhinn roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm ar mhaithe le príobháideacht an lucht foirne agus na gcustaiméirí a chaomhnú chomh maith le hionracas an ábhair agus an phróisis i ndáil leis an measúnú.
Is sárú ar an bpolasaí seo úsáid neamhúdaraithe as trealamh taifeadta ag duine ar bith. Is féidir iarrthóir ar bith ag a mbíonn baint le sárú dá shórt a chur as an áireamh maidir leis an gcomórtas agus d'fhéadfadh go dtarlódh an duine sin a ionchúiseamh faoi alt 55 san Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Anuas air sin, sa chás gur nó gurbh iarrthóir sa phróiseas earcaíochta duine a chiontaítear i gcion:

- murar tharla an t-iarrthóir a cheapadh i bpost, déanfar é/í a chur as an áireamh mar iarrthóir; agus
- má tharla an t-iarrthóir a cheapadh i bpost tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, déanfaidh sé/sí an ceapachán sin a fhorghéilleadh.

Critéir faoi leith maidir le hiarrthóirí

Ní mór d'iarrthóirí:

- an t-eolas agus an ábaltacht a bheith acu atá de dhíth chun dualgais an phoist a chomhlíonadh;
- a bheith oiriúnach maidir le tréithíocht agus dea-cháilíocht;
- a bheith oiriúnach maidir le gach ní eile a bhaineann lena gceapadh sa phost atá i gceist;
- agus sa chás go n-éiríonn leo, ní dhéanfar iad a cheapadh sa phost:
- mura n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina ndéantar na dualgais nó faoina bhféadfaí a éileamh na dualgais a dhéanamh.
- mura bhfuil siad láninniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus ábalta go hiomlán tabhairt faoi na dualgais sin.

A mheas go bhfuil iarratas tarraingthe siar

Sa chás nach dtagann iarrthóir i láthair ag agallamh an tráth agus san ionad a d'éiligh an tSeirbhís Phromhaidh nó sa chás nach gcuireann iarrthóir ar fáil, nuair a iarrtar sin, fianaise atá de dhíth ar an tSeirbhís Phromhaidh i ndáil le ní ar bith a bhaineann le hábhar an iarratais, ní bheidh an t-iarrthóir sin i dteideal a m(h)eas níos mó.

Bítear ag tnúth le gach mír cháipéisíochta a éilítear ar iarrthóir, lena n-áirítear aon fhoirm a eisíonn an tSeirbhís Phromhaidh lena líonadh, a fháil ar ais laistigh de cúig lá ó lá an éilimh. Sa chás nach dtarlaíonn amhlaidh, measfar gur tharraing an t-iarrthóir siar as an gcomórtas agus ní dhéanfar iarratas an iarrthóra sin a mheas níos mó.

Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir

Tá d'aidhm againn seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don uile dhuine dár gcuid custaiméirí. Má tharlaíonn, ar chúis ar bith, go mbíonn tú míshásta le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, moltar duit sin a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne a bhaineann le hábhar. Tá sin tábhachtach ós ar an gcaoi sin a chinntítear go mbítear ar an eolas faoin bhfadhb ionas gur féidir na bearta cuí a dhéanamh chun an cás a chur ina cheart.

Cuirfear aiseolas ar fáil má iarrtar sin i scríbhinn. Ní tharlaíonn aon chur isteach ar an tráthchlár a leagtar síos maidir le hathbhreithniú a iarraidh mar gheall ar aiseolas a iarraidh.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreatchórais maidir le cosaint sonraí a bhíodh i bhfeidhm roimhe sin faoin Treoir ón AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a dhéanann duine clárú le jobs.justice.ie nó iarratas a chur isteach ar chomórtas, cruthaítear taifead ríomhaireachta in ainm an duine sin. Baintear úsáid as faisnéis a chuirtear faoi bhráid le hiarratas ar phost sa phróiseáil ar an iarratas sin. Sa chás go mbíonn seirbhísí tríú páirtí in úsáid agus próiseáil á dhéanamh ar iarratas, d'fhéadfadh gur ghá an fhaisnéis a chur ar fáil don tríú páirtí sin, ach ina leithéid de chás, déantar gach réamhchúram is gá ionas go gcinntítear sonraí a choinneáil slán.